# CARGHAS 2022 | Todhchaí Níos Fearr

## Acmhainn Oideachas Reiligiúnach do Pháistí

**‘Bronnann an ‘Ár nAthair’ neart, dóchas agus misneach nuair a bhíonn sé crua orm.’**

**(Thandekile)**



Trōcaire

# CLÁR ÁBHAIR

| | |
|---|---|
| **Maidir le Trócaire** | **3** |
| **Conas an Acmhainn seo a Úsáid** | **4** |
| **Gníomhaíocht a hAon** | **5** |
| **Gníomhaíocht a Dó** | **7** |
| **Gníomhaíocht a Trí** | **9** |
| **Gníomhaíocht a Ceathair** | **10** |

Thandekile agus an chlann ag ullmhú dinnéir taobh amuigh. Grianghraf: Cynthia Matonhodze, Trócaire



# MAIDIR LE TRÓCAIRE

Bunaíodh Trócaire i 1973 mar ghníomhaireacht fhorbartha thar lear na hEaglaise Caitlicí in Éirinn.

Bunaíodh an eagraíocht mar fhreagairt ar an mbearna a bhí ag méadú idir lucht an rachmais agus na bochtáin, toisc go bhfuil sé de dhualgas orainn ar fad an bhearna sin a laghdú. Tá Trócaire fréamhaithe i bprionsabail an teagaisc sóisialta Caitlicigh, atá bunaithe ar an gcreideamh atá ionainn go mbíonn a phlean féin ag Dia maidir le ríocht na síochána, an ghrá, agus an chirt a thógáil ar domhan. Tá an chomhpháirtíocht ag croílár obair Trócaire.

Ciallaíonn sé sin go mbítear ag obair le daoine indibhidiúla, le heagrais agus le pobail áitiúla leis an athrú saoil atá uathu a chur i bhfeidhm. Bíonn an chomhpháirtíocht bunaithe ar bhonn cóimheasa, ar an gcumhachtú agus ar an dlúthpháirtíocht. Tá sé ráite go láidir agus go húdarásach ag easpaig na hÉireann sa bhunreacht nuair a thugadar an mhandáid do Trócaire: ‘Ní féidir linn a rá go bhfuil grá do Dhia ionainn mura mbíonn grá don chomharsa ionainn.’

# OBAIR TRÓCAIRE SA tSIOMBÁIB



Tá an tSiombáib lonnaithe in oirdheisceart na hAfraice. Ceapadh tráth go mbeadh sí mar sheoid na hAfraice.

Ní fhéadfadh an tír barr cumais a bhaint amach de bharr na ngéarchéimeanna seo; an t-athrú aeráide, míshocracht eacnamaíoch agus polaitiúil. Chuir an t-athrú aeráide as go mór don tSiombáib.

Bíonn 70% de dhaonra na tíre ag brath ar an talmhaíocht, ach chuir an t-ardú teochta agus an triomach isteach go mór ar na barraí agus bíonn sé deacair ar na feirmeoirí maireachtáil dá bharr.

Tarlaíonn sárú ar chearta an duine go forleathan sa tSiombáib. Ní thuigeann na saoránaigh go hiomlán cad iad na cearta sóisialta, eacnamaíoch agus cathartha atá acu. Bíonn ualach breise le hiompar ag na mná maidir leis an mbochtaineacht agus na treascairtí ar chearta an duine. Cláraítear leibhéal an-ard fhoréigean in aghaidh na mban ann.

Is iad spriocanna Trócaire sa tSiombáib ná:

- **Slite beatha seasmhacha inbhuanaithe** a chruthú. Tugann ár bpáirtithe cúnamh don phobal an táirgeadh bia a shaothrú agus a bheith seasmhach in aghaidh an athraithe aeráide.
- **Cearta an duine** a chosaint ar bhealach feabhsaithe. Cuireann ár bpáirtithe brú ar rialtas na Siombáibe sárú chearta an duine a stopadh agus tacú le héileamh an phobail a gcuid cearta ina n-iomláine a fháil.
- **Cumhachtú na mban**. Na mná a chosaint ón bhforéigean agus iad a spreagadh le páirt níos mó a ghlacadh sa saol poiblí.

Tá breis eolais maidir le hobair Trócaire sa tSiombáib ar fáil anseo.

# CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID

Cuireadh an acmhainn seo le chéile mar áis do pháistí na bunscoile. Is féidir leis na hoidí é a úsáid sa seomra ranga, nó is féidir é a úsáid le grúpa liotúirgeach na bpáistí sa pharóiste nó le grúpa teaghlach an Aifrinn.

Tá ceithre ghníomhaíocht ar fáil anseo. Leanann na gníomhaíochtaí 1,2,3, leathuair a chloig an ceann. Beidh an ghníomhaíocht dheireanach níos faide, agus d'fhéadfaí dhá sheisiún a chaitheamh air.

Tuigimid go maith go mbraitheann an dearcadh a bhíonn ag daoine indibhidiúla ar chúrsaí domhanda, go mór ar an taithí shaoil a bhíonn acu féin. Mar sin molaimid go ndéanfá mionathruithe ar an ábhar seo má cheapann tú go mbeadh drochthionchar ag rud ar bith anseo ar ghrúpaí nó ar dhaoine leochaileacha.

# NAISC CHURACLAIM

**Curaclam an Oideachais Reiligiúnaigh Caitlicigh don Réamhscoil agus don Bhunscoil in Éirinn**

| Snáithe | Snáithaonaid | I nGrá Dé |
|---|---|---|
| An Mhoráltacht Chríostaí | Dínit an Duine, Teagasc Sóisialta na hEaglaise | An Charghas |

**Curaclam an Oideachais Reiligiúnaigh do Thuaisceart Éireann**

| Taispeáint Dé | An Eaglais Chríostaí | Moráltacht |
|---|---|---|
| • Cruthú is titim an chine dhaonna<br>• Beatha Íosa – Ministreacht Íosa | • Adhradh agus Urnaí | • Meas ar a chéile<br>• Meas ar an gcomhshaol |

# NÓTAÍ D'OIDÍ AGUS DO CHEANNAIRÍ AN PHARÓISTE

Ní thugann an cás-staidéar san acmhainn seo ach radharc amháin ar an saol sa tSiombáib. Ní raibh an taithí chéanna ag pobal iomlán na tíre agus a bhí ag na daoine a luaitear anseo. De bharr na paindéime domhanda agus ag glacadh leis go mbíonn acmhainní oideachais Trócaire bunaithe ar an saol mar atá sé faoi láthair, is nádúrtha an rud é go mbíonn baint ag an Covid-19 le scéalta na ndaoine ón tSiombáib a luaitear anseo.

Déan an t-ábhar a léamh roimh ré agus bí cúramach faoi rud ar bith a chuirfeadh isteach ar bhaill an ranga/grúpa an pharóiste. Ag glacadh le srianta Covid-19 cuireadh na gníomhaíochtaí lena chéile ar bhealach a chiallódh nach mbeadh teagmháil fhisiceach ná roinnt an ábhair i gceist. An ndéanfaidh sibh deimhin de le bhur dtoil, na gníomhaíochtaí a reáchtáil ar bhealach a réitíonn leis na rialacha atá i bhfeidhm i do dhúiche féin?

# GNÍOMHAÍOCHT A hAON

### Eolas don Oide: Trócaire agus *Laudato Si'*

*Laudato Si': Aire don Domhan Coiteann* is ainm do thréadlitir fhada a d'fhoilsigh an Pápa Proinsias sa bhliain 2015 maidir leis an ngéarchéim comhshaoil atá os comhair an domhain faoi láthair.

Iarrann an doiciméad úrnua seo ar an uile dhuine a chónaíonn ar an bpláinéad, éisteacht go práinneach le gairm an domhain agus le gairm na mbocht. Déileálann *Laudato Si'* le hábhar tábhachtach chomhshaoil; an t-athrú aeráide, truailliú, an ghéarchéim bithéagsúlachta, agus rochtain ar uisce.

Caithfear gníomhú go práinneach a deirtear, le feabhas a chur ar an saol ar domhan. Tugann an Pápa Proinsias cuireadh dúinn obair lena chéile le domhan feabhsaithe inbhuanaithe a chruthú do chách, agus do na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh, agus do na daoine leochaileacha inár measc ach go háirithe.

Tugann *Laudato Si'* spreagadh maith do Trócaire toisc go mbímid ag iarraidh cruatan na mbocht agus donas an domhain a leigheas.

Bímid ag obair leis na paróistí in Éirinn le gur féidir smaointe *Laudato Si'* a chur i bhfeidhm. Is féidir *Laudato Si'* a léamh anseo.




### CAFOD

Laudato Si' beochan I CAFOD

Is é CAFOD an charthanacht fhorbartha idirnáisiúnta agus gníomhaireacht chabhrach oifigiúil na hEaglaise Caitlicí i Sasana agus sa Bhreatain Bheag.

Bíonn Trócaire ag obair leis na mílte duine ar domhan a fhulaingíonn ón athrú aeráide. Creidimid, chomh maith leis an bPápa Proinsias, go gcaithfear gníomhú anois le stop a chur leis agus le cabhrú leis an duine eile.

**Céim 1:** Breathnaigh ar an mbeochan Laudato Si' beochan I CAFOD leis an rang nó leis an ngrúpa.

**Céim 2:** Déan péirí agus bí ag smaoineamh ar an méid a chonaic sibh. Iarr ar an ngrúpa a shainmhíniú féin a thabhairt faoi cad is 'ceartas aeráide' ann, gan dul thar 20 focal.

**Céim 3:** Pléigh an cheist seo i ngrúpaí beaga: Cén fáth gur ainmnigh Trócaire an ceartas aeráide a bheith mar phríomhthosaíocht a gcuid oibre?

**Céim 4:** Pléigh na freagraí a fuarthas agus ansin léigh an t-alt seo: Creideann Trócaire gur tábhachtaí an t-athrú aeráide a bheith mar cheist na córa, seachas ceist an chomhshaoil amháin. Ciallaíonn an éagóir aeráide gurbh iad na daoine is mó a fhulaingíonn ón athrú aeráide ná na mná, agus na

fir, agus na páistí leochaileacha, cé nárbh iadsan ba chúis leis an athrú ar chor ar bith. Is éagóir níos mó í toisc go mbaineann cúiseanna an athraithe aeráide leis an ídiú acmhainní a tharlaíonn i measc na dtíortha rachmasacha. Bíonn na daoine leochaileacha ag fulaingt cheana féin toisc nach mbíonn a gcuid cearta ar dhídean, ar uisce agus ar bhia á fháil acu, agus cuireann cur amú acmhainní na dtíortha saibhre isteach orthu ar bhealach níos measa fós.

**Céim 5:** Leantar na céimeanna thíos don urnaí threoraithe.

Tráth ciúnais agus urnaí (5–10 nóiméad) .

Bígí ar bhur sáimhín só sula gcuirtear tús le cúrsaí.

- Iarr ar na baill scaoileadh lena gcorp, scaipeadh amach, suí nó luí siar más maith leo. Ná bíodh cumarsáid ar bith eadraibh.
- Abair leo go gcomhairfidh tú siar óna deich agus go gcaithfidh cách a bheith ciúin suaimhneach. Ba cheart dóibh neamhaird a dhéanamh ar gach aon fhuaim eile seachas do ghuth féin.
- Bí ag labhairt ar bhealach ciúin séimh i gcónaí. Tosaigh leis an gceol uirlise, atá ar fáil anseo.
- Abair leis an ngrúpa: Cuirimid deireadh leis an tráth seo a roinnimid lena chéile trí mhachnamh urnaitheach a dhéanamh. Caithfimid nóiméad nó dhó ag smaoineamh ar na tíolacthaí ó Dhia a bronnadh orainn: na teaghlaigh, na cairde, an t-oideachas, an bia a bhíonn ar fáil dúinn. Gabhaimis buíochas le Dia as na tíolacthaí seo.
- Ansin, léigh an sliocht seo go mall. Glac sos beag ag an gcamóg agus ag an lánstad. I dtús báire chruthaigh Dia neamh agus talamh. Fásach folamh a ba ea an talamh agus bhí dorchadas ar aghaidh an duibheagáin, agus bhí gaoth Dé ag séideadh os cionn na n-uiscí. Dúirt Dia: “Bíodh solas ann,” agus bhí an solas ann. Chonaic Dia gur mhaith é an solas, agus scar Dia an solas ón dorchadas.

Thug Dia “lá” ar an solas agus “oíche” ar an dorchadas. Ba shin an chéad lá, an nóin agus an mhaidin. Dúirt Dia: “Bíodh firmimint i lár na n-uiscí agus scaradh sí na huiscí óna chéile.” Rinne Dia an fhirmimint agus scar sé na huiscí a bhí faoin bhfirmimint ó na huiscí a bhí os a cionn. Agus bhí sin amhlaidh. Thug Dia “neamh” ar an bhfirmimint. Ba shin an dara lá, an nóin agus an mhaidin.

Dúirt Dia: “Tagadh na huiscí go léir atá faoi neamh le chéile san aon áit amháin, agus bíodh an talamh tirim le feiceáil.” Agus bhí sin amhlaidh. Agus thug Dia “tír” ar an talamh tirim, agus “farraigí” ar na huiscí le chéile. Chonaic Dia gur mhaith sin.

Dúirt Dia: “Tugadh an talamh an fásra uaidh:
An lusra lena shíol, an crann toraidh lena shíol
ina thoradh, gach ceann de réir a chineáil ar an talamh.” Agus bhí sin amhlaidh.

(Geineasas 1:1-11)

A Chruthaitheoir an Domhain, cuirimid paidir bhuíoch ghlórmhar in airde chugat. Bhí tusa ann i gcónaí. Is tusa a chruthaigh agus a mhúnlaigh an domhan, á ullmhú dúinne. Chuir tú na sléibhte is na crainn, na haibhneacha agus an talamh ar fáil dúinn. Cabhraigh linn aire cheart a thabhairt do na tíolacthaí a bhronn tú orainn, iad a roinnt le cách agus an domhan a chosaint ón mhí-úsáid. Bronn an eagna orainn an eolaíocht agus an teicneolaíocht a úsáid ar bhealach cruthaitheach gan díobháil a dhéanamh do neach ar bith. Doimhnigh an tuiscint atá againn maidir lenár gcóngas leis an dúlra, ionas go mbeidh sé ar acmhainn ag na glúine atá le teacht grásta an nádúir a bheith acu.

Amen.



Teach an Phobail Thandekile. Grianghraf:Cynthia R. Matonhodze

# GNÍOMHAÍOCHT A DÓ

**Céim 1:** Léigh an scéal seo do na páistí.

## Cuir Aithne ar an Teaghlach

Cailín aon bhliain déag d'aois í Nomatter a chónaíonn i gceantar Bulawayo lena máthair Thandekile, agus lena deartháir óg Forward. Tá trí bliana ag Nomatter ar Forward. Bíonn muintearas eatarthu agus is aoibhinn leo a bheith ag súgradh lena chéile.

Tá teach dhá sheomra agus clós acu. Fásann go leor crainn timpeall an tí agus nitear na gréithe ag dabhach traidisiúnta adhmaid. Coimeádann siad asail, sicíní agus gabhair.

Bíonn Nomatter agus Forward ag freastal ar an mbunscoil atá lonnaithe in áit bhláthach. Déileálann foireann na scoile go caoin leo.

Nuair a tharla paindéim Covid-19 dúnadh na scoileanna ar fad sa tSiombáib, agus bhí ar Nomatter agus Forward fanacht sa bhaile ar feadh i bhfad. Bhíodar go mór i ndiaidh na gcairde agus na múinteoirí ar scoil. Gearradh siar ar shrianta na dianghlasála le déanaí agus tugadh cead dóibh filleadh ar an scoil agus ar na cairde. Is aoibhinn le Nomatter scríobh agus súgradh lena cairde ar scoil. Is í an mhatamaitic an t-ábhar is ansa léi.

Nuair a fhilleann na páistí abhaile ón scoil cabhraíonn siad lena mamaí Thandekile, go leor d'obair an tí a dhéanamh. Cuireadh as go mór do shaol Thandekile nuair a bhuail an phaindéim an tSiombáib. Díreach mar a tharla in Éirinn, chaill go leor daoine a gcuid post toisc gur theip ar chúrsaí gnó. Bhí Thandekile agus an chlann ag brath ar fhoinsí eile le cabhair a fháil ag an am deacair seo.

Le déanaí, chaith Thandekile cuid den airgead a bhí sábháilte aici, ar éadaí a cheannach, agus dhíol sí ag an margadh áitiúil iad ionas go mbeadh airgead aici le caitheamh ar Nomatter agus Forward. Teastaíonn uaithi iad a thógáil go maith, agus freastal ar gach riachtanas a bheadh acu. Bíonn sí ag súil leis mar sin, go mbeidh rath ar an ngó a thosaigh sí. Ba mhaith léi go n-éireodh go maith sa saol leis na páistí. Tá áthas an domhain uirthi iad a bheith ag freastal ar an scoil arís, cé nach mbíonn siad ann ach ar feadh trí lá sa tseachtain. Creideann sí go mbaineann tábhacht ar leith leis an oideachas ionas go mbeidh ar a gcumas ioncam maith a thuilleamh dóibh féin agus roghanna post a bheith acu sa todhchaí. Ba mhaith le Nomatter a bheith mar altra nuair a fhásann sí aníos. Creideann Thandekile gur tábhachtach an rud é go mbeadh daoine caoin grámhar lena chéile. Cé go mbíonn sé crua go minic orthu is dóigh le Thandekile gur féidir a bheith ag súil le todhchaí níos fearr.

Ba mhaith le Thandekile siopa a oscailt in aice baile le go bhféadfadh sí na héadaí a cheannaíonn

sí a dhíol. Bheadh sé níos fusa di an gnó a chur chun cinn agus obair an tí a chomhlíonadh chomh maith. Ba bhreá léi ceadúnas tiomána a bheith aici, carr agus teach nua a cheannach, agus féachaint chuige go mbeadh saol maith i ndán don chlann amach anseo.

Is sa tráthnóna a chaitheann an teaghlach an chuid is mó ama lena chéile. Itheann siad an dinnéar lena chéile sa chistin. Is minic go mbíonn sadza mar chuid den bhéile acu. Bíonn an-tóir ar an mbia seo, ar nós na bprátaí in Éirinn! Bíonn Nomatter agus Forward ag imirt cluichí i ndiaidh an dinnéir. Taitníonn an liathróid láimhe leis an mbeirt acu agus folacháin a dhéanamh ar a chéile.

**Céim 2:** Nuair a bhíonn an scéal cloiste acu, déan tuiscint na bpaistí a thástáil trí na ceisteanna seo a chur orthu:

1) Cén fáth gur dúnadh scoil na bpáistí anuraidh?
2) Cén fáth nach bhféadfadh Nomatter súgradh lena cairde ar scoil?
3) Cén post a thaitneodh le Nomatter nuair a bhíonn sí fásta?
4) Cad a dhéanann an teaghlach de ghnáth sa tráthnóna?

**Céim 3:** Déanaimis smaoineamh níos doimhne ar an scéal!

5) Cén fáth gur éirigh an saol níos déine orthu nuair a tháinig an phaindéim isteach i gceantair mhuintir Nomatter?
6) Níorbh fhéidir le Nomatter bualadh leis na cairde agus súgradh leo de bharr na paindéime. Conas mar a mhothaigh sí dá bharr?
7) Is mó duine anseo in Éirinn a bhí uaigneach de bharr na paindéime toisc nach raibh teagmháil acu le daoine eile. Bhí Nomatter agus an deartháir Forward, an-chineálta lena mamaí Thandekile, agus iad ag cabhrú sa bhaile léi. An bhféadfá samplaí a lua den chineáltas a léirigh tú féin nó do mhuintir i leith an duine eile?
8) Deir an Pápa Proinsias sa litir go bhfuilimid ag déanamh dochair don domhan ar iliomad bealaí. I rith na paindéime gineadh níos lú gás a bhí díobhálach don chomhshaol toisc nach raibh an méid céanna busanna, carranna agus eitleáin in úsáid. Conas mar a d’fhéadfaí leanúint leis an ísliú seo nuair a thagann deireadh leis an bpaindéim?

| Tástáil teochta sula dtéann na páistí ar scoil. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze, Trócaire



# GNÍOMHAÍOCHT A TRÍ

D'athraigh an Covid-19 saol na ndaoine ar an-chuid bealaí.

*Tuigimid go bhféadfaí go mbeadh drochthionchar ag acmhainn a bhíonn ag déileáil le cúrsaí domhanda agus leis an bpaindéim Covid-19 ar dhaoine indibhidiúla de bharr an taithí saoil a bhí acu féin. Molaimid dá bhrí sin go léifeá an t-ábhar agus athrú a dhéanamh ar rud ar bith a chuirfeadh isteach ar an bpáiste indibhidiúil.*

Bain úsáid as an mbileog oibre le pictiúir a tharraingt agus le cur síos a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag an Covid-19 ar do shaol féin.

| | |
|---|---|
| **Conas mar a chuir Covid-19 athrú ar an saol orm.**<br>**(Scríobh liosta)** | **Roimh Covid-19 …**<br>**(Tarraing pictiúr anseo)** |
| **I rith Covid-19 …**<br>**(Tarraing pictiúr anseo)** | **Sa todhchaí …**<br>**(Tarraing pictiúr anseo)** |

# GNÍOMHAÍOCHT A CEATHAIR

Luann Thandekile ina scéal féin gur mhaith léi go dtabharfaimis aire cheart dá chéile in am an ghátair. Luann an Pápa Proinsias sa litir a sheol sé chugainn go gcaithfimid aire a thabhairt don domhan coiteann le go mbeadh saol feabhsaithe ag cách. Beidh na rudaí seo uait don ghníomhaíocht: pinn, marcóirí, siosúir, páipéar leathan, gliú agus ábhar ar bith eile a chabhródh le múrphictiúr éifeachtach a dhéanamh.

**Céim 1:** Mar ghrúpaí, roghnaigh cuid de na ráitis thíos ó *Laudato Si'*, litir an Phápa Proinsias, agus cruthaigh múrphictiúr a bheadh bunaithe orthu. Bí cruthaitheach! Is féidir na focail a ghearradh amach, a mhaisiú le dathanna éagsúla agus iad a greamú ar an múrphictiúr.

**Céim 2:** Nuair a bhíonn an múrphictiúr críochnaithe agaibh, cuir ar taispeáint ar scoil/sa pharóiste é.

'Toisc go mbaineann idircheangailteacht le gach neach beo, caithfear grá agus meas do chách a léiriú. Cónaímid ar scáth a chéile. Táimid spleách ar a chéile' (42)

'Tá an domhan, an baile coiteann, níos mó cosúil le carn aoiligh ná le rud ar bith eile. Tá áiteanna ar an bpláinéad a bhíodh go hálainn agus anois tá siad clúdaithe le bruscar.' (21)

'Is fadhb dhomhanda le himpleachtaí tromchúiseacha é an t-athrú aeráide.' (25)

'Is ar an aicme leochaileach is mó a chuireann meath na timpeallachta agus na sochaí isteach orthu.' (48)

'Lorgaíonn an t-aos óg an t-athrú. Ní thuigeann siad conas is féidir smaoineamh ar thodhchaí níos fearr a thógáil gan smaoineamh a dhéanamh ar an tionchar a bheadh aige ar an gcomhshaol agus ar an mhuintir a fhágtar ar an imeall sa saol.' (13)

'Nuair a smaoinímid ar an saol a bhronnfar ar na glúine atá le teacht, tagann athrú meoin orainn.' (159)

'Caithfear plé a dhéanamh a chuireann cách san áireamh. Bíonn tionchar ag dúshlán an chomhshaoil orainne ar fad.' (14)

'Má theastaíonn uainn na gáis ceaptha teasa a laghdú, caithfidh na tíortha is mó cumhachta agus truaillithe a bheith macánta, cróga agus freagrach le tabhairt faoi.' (169)

**Céim 3:** Nuair a bhíonn an múrphictiúr críochnaithe agaibh, ba bhreá le Trócaire é a fheiceáil. Glac a lán grianghraf de agus seol chugainn anseo iad: niall.quillinan@trocaire.org

D'iarr an Pápa Proinsias orainn seacht spriocanna Laudato Si' a chur i bhfeidhm. Tá breis eolais ar fáil fúthu anseo: https://laudatosiactionplatform.org/

# Tá acmhainní eile, pacáiste an pharóiste, an leabhar urnaí, acmhainn oideachais don bhunscoil shinsearach, machnaimh, grianghraif agus físeáin ar fáil anseo

**Scríbhneoirí**
Údair: Anna Keegan agus Niall Quillinan, Trócaire

Grianghraf an Chlúdaigh: Thandekile lena hiníon Nomatter (11), agus lena mac Forward (8), an tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

**Bí linn ar:**

**Facebook:** facebook.com/trocaireireland – bí i dteagmháil

**Twitter:** twitter.com/trocaire – na tvuíteanna is déanaí

**YouTube:** youtube.com/trocaire – tacaíonn sibh leis na daoine seo

**Vimeo:** vimeo.com/trocaire – féach ar na físeáin

**Instagram:** instagram.com/trocaireonline – físeáin agus grianghraif

**Bí i dteagmháil:**

Trócaire, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, Éire
F: +353 (0)1 629 3333
R: Anna Keegan, Oifigeach For-Rochtana Eaglaise:
anna.keegan@trocaire.org
Niall Quillinan, Oifigeach Oideachas Forbartha na Bunscoile:
niall.quillinan@trocaire.org

Trócaire, 50 Sráid an Rí,
Béal Feirste BT1 6AD,
Tuaisceart Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: infoni@trocaire.org

Trócaire, 9 Sráid an Chócaigh, Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org

**www.trocaire.org**

Glacann Trócaire go mór chugainn féin na dualgais atá orainn maidir le do shonraí pearsanta, agus táimid tiomanta chuige, cloí leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí, siad sin An tAcht um Chosaint Sonraí 1988–2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS – uathrialaithe i mballstáit AE Bealtaine 2018). Le breis eolais a fháil maidir leis an mbealach ina ndéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil is a chosaint, téigh chuig trocaire.org/privacy-security nó is féidir cóip den ráiteas príobháideachta a lorg uainn.

TAG: PG4